EUROPEAN UNION AGENCY FOR RAILWAYS

Making the railway system
work better for society.

# Glao ar Iarratais ar phost Meánbhainistíochta mar Cheann an Aonaid Airgeadais agus Soláthair san Aonad Airgeadais agus Soláthair

## *Gníomhaire Sealadach2(f) Riarthóir (AD9) - d'fhonn liosta ionadaithe a bhunú - ERA/AD/2020/002*

### I - SAINCHUNTAS AR AN bPOST

Déanfaidh an sealbhóir poist an tAonad a bhainistiú agus tuairisceoidh sé don Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus oibreoidh sé go dlúth leis na Cinn Roinne/Cinn Aonaid eile sa Ghníomhaireacht.

**Príomhchúraimí agus príomhfhreagrachtaí:**

- Na próisis, na nósanna imeachta agus na beartais airgeadais a bunaíodh chun éifeachtúlacht agus sástacht chustaiméirí a chinntiú i gcomhthéacs Rialachán Airgeadais an Aontais Eorpaigh atá is infheidhme;
- Dea-chaighdeáin cuntasaíochta a chosaint agus cáilíocht, cruinneas agus sláine sonraí airgeadais, anailís airgeadais agus tuairisciú a chinntiú;
- An buiséad bliantúil/ilbhliantúil don ERA a ullmhú, a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh air i gcomhar leis na ranna agus na hAonaid eile;
- Acmhainní airgeadais an ERA a phleanáil agus a chur i bhfeidhm;
- Tuarascálacha eatramhacha airgeadais agus soláthair, cinntí agus doiciméid bainistíochta cáilíochta a eisiúint;
- A chinntiú go gcuirtear na nósanna imeachta soláthair is infheidhme i gcrích go héifeachtach agus go cáilíochtúil agus leibhéal ard sástachta custaiméirí a choinneáil d'fhonn cuspóirí agus tosaíochtaí athraitheacha a chomhlíonadh go héifeachtúil;
- Cur leis na hullmhúcháin iniúchta le hiniúchóirí inmheánacha, seachtracha agus le comhlachtaí rialaithe eile;
- Idirchaidreamh a dhéanamh le comhghleacaithe in institiúidí agus gníomhaireachtaí eile agus/nó ionadaíocht a dhéanamh ar ERA i gcúrsaí airgeadais agus soláthair ag cruinnithe idirinstitiúideacha;
- An fhoireann airgeadais agus soláthair a bhainistiú agus a mhaoirsiú;
- Pleananna oiliúna airgeadais agus soláthair agus gníomhaíochtaí eile feasachta a bhunú agus a fhorbhreathnú.

### II - CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Tá an nós imeachta roghnúcháin ar oscailt d'iarrthóirí a chomhlíonann **gach ceann** de na critéir incháilitheachta seo a leanas faoin dáta deiridh chun iarratais a chur isteach:

***1. Riachtanais ghinearálta:***

- A bheith ina náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpach nó a bheith ina náisiúnach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (an Íoslainn, Lichtinstéin, agus an Iorua);
- A bheith i dteideal a gceart iomlán mar shaoránach;
- Aon oibleagáidí arna bhforchur le dlíthe is infheidhme a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici[1];
- Ní mór go gcomhlíonfaí na riachtanais charachtair maidir leis na dualgais atá i gceist[2];
- Bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh[3];
- Eolas an-mhaith a bheith aige/aici ar theanga oifigiúil[4] de chuid an Aontais Eorpaigh agus eolas sásúil a bheith aige/aici ar theanga oifigiúil eile[5] de chuid an Aontais Eorpaigh, a mhéid is gá chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh;
- Bheith faoi bhun na haoise ag a gcuirtear baill foirne AE ar scor go huathoibríoch. Faoi láthair, is é sin an lá deiridh den mhí ina mbainfidh an ball foirne 66 bliana amach[6].

***2. Cáilíochtaí íosta:***

Leibhéal oideachais arb ionann é agus staidéar críochnaithe ollscoile arna fhianú le dioplóma sa chás go maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 4 bliana nó níos mó, agus taithí ghairmiúil 15 bliana ar a laghad ina dhiaidh sin;
**NÓ**
Leibhéal oideachais arb ionann é agus staidéar críochnaithe ollscoile arna fhianú le dioplóma sa chás go maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 3 bliana nó níos mó, agus taithí ghairmiúil 16 bliana ar a laghad ina dhiaidh sin.

***3. Inniúlachtaí is gá chun iarratas a dhéanamh ar phost Meánbhainistíochta:***

Chun cáiliú don phróifíl seo, ní mór duit, ar an dáta deiridh chun iarratais a chur isteach, na croí-inniúlachtaí is gá chun iarratas a dhéanamh ar phost Meánbhainistíochta:

*Scileanna ginearálta bainistíochta, lena n-áirítear:*

- An cumas cuspóirí don Aonad a shocrú agus a athbhreithniú laistigh de chreat straitéiseach foriomlán agus de thosaíochtaí na Gníomhaireachta;
- An cumas tosaíochtaí a chinneadh agus díriú orthu agus faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i ndáil le cuspóirí an Aonaid agus cuspóirí bhaill na foirne atá leagtha síos a bhaint amach, i gcomhar le baill na foirne.
- An cumas obair an Aonaid a eagrú, a shannadh agus a bhainistiú i measc bhaill na foirne mar aon le cuspóirí dúshlánacha ach indéanta a leagan síos dóibh;
- An cumas baill an Aonaid a chumasú, agus a áirithiú go dtuigeann siad an méid atá le déanamh acu agus conas a chuireann a gcuid oibre le cuspóirí an réimse;
- An cumas comhoibrithe a roghnú agus foirne láidre a fhorbairt a mbeidh láidreachtaí comhlántacha acu a oireann do shaothrú éifeachtúil chuspóirí an Aonaid;
- An cumas baill na foirne a spreagadh chun na torthaí inmhianaithe a bhaint amach agus aiseolas a thabhairt ar bhonn rialta, aitheantas a thabhairt maidir le rath agus leis an ngá atá le feabhsú d'fhonn a chur ar a gcumas a gcuid cuspóirí agus an acmhainneacht is mó atá acu a bhaint amach;
- An cumas forbairt gairme agus deiseanna foghlama a fhorbairt do bhaill na foirne agus tacú leis sin.

*Scileanna cumarsáide:*

- An cumas cumarsáid a dhéanamh go soiléir agus ábhair chasta a chur i láthair ar bhealach simplí, ó bhéal agus i scríbhinn, lena n-áirítear chuig baill na foirne;

- An cumas ionchuir a lorg ó bhaill na foirne, ó chomhpháirtithe agus ó pháirtithe leasmhara agus éisteacht leo;

*Scileanna Idirphearsanta:*
- An cumas déileáil le daoine go héifeachtach, go hurramach agus go cúirtéiseach;
- An cumas caidreamh oibre bisiúil agus comhoibritheach a fhorbairt leis an ngrádlathas agus le hAonaid agus le comhghleacaithe eile;

*Scileanna Idirbheartaíochta:*
- An cumas plé a stiúradh agus na torthaí is fearr agus is féidir a bhaint amach gan chaidrimh bhisiúla oibre leis na páirtithe eile a chur i mbaol.

**Ní ghlacfar ach le cáilíochtaí arna mbronnadh ag údaráis na mBallstát den Aontas Eorpach nó den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus le cáilíochtaí atá aitheanta mar cháilíochtaí coibhéiseacha ag údaráis ábhartha na mBallstát den Aontas Eorpach nó den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.**

## III - CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN

Na hiarrthóirí a chomhlíonann na critéir incháilitheachta a leagtar amach thuas, déanfar iad a mheasúnú agus a scóráil in aghaidh na **gcritéar roghnúcháin**. Ní dhéanfar Iarrthóirí nach mbeidh critéir roghnaithe amháin nó níos mó á shásamh acu a eisiamh láithreach as an roghnú.

Na critéir roghnúcháin a úsáidtear chun iarratais na n-iarrthóirí a mheasúnú:

- Céim ollscoile i réimse na heacnamaíochta NÓ innealtóireacht tráchtála NÓ cuntasaíochta.

**Sainscileanna gairmiúla:**
- 6 bliana ar a laghad de thaithí agus eolas iomchuí cruthaithe sna réimsí a luaitear thuas;
- Cumas cumarsáid a dhéanamh go soiléir agus go beacht le lucht féachana difriúla ó bhéal agus i scríbhinn i mBéarla líofa (mar leibhéal líofa úsáideora-C1);
- Taithí agus eolas cruthaithe ar phrionsabail agus ar chleachtais airgeadais agus soláthair, b'fhearr i gcomhthéacs Institiúideach an Aontais Eorpaigh;
- Taithí dheimhnithe 4 bliana ar a laghad i ról bainistíochta agus cuntas teiste deimhnithe i ndáil le foirne a bhainistiú (sonraigh le do thoil méid na foirne a bhí/atá á mbainistiú agat agus líon na mblianta ina ndearna tú an fhoireann/na foirne a bhainistiú/ ina bhfuil tú á bainistiú);
- Scileanna anailíseacha cruthaithe.

---

*1 Más infheidhme*
*2 Sula gceapfar é/í, ceanglófar ar an iarrthóir rathúil deimhniú a chur ar fáil ina léireofar nach bhfuil aon taifead coiriúil aige/aici*
*3 Sula gceapfar é/í, cuirfear an t-iarrthóir rathúil faoi réir scrúdú dochtúra in ionad leighis a ainmneoidh an Ghníomhaireacht chun a chinntiú go gcomhlíonann sé/sí riachtanais Airteagal 28 (e) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh*
*4 Do mháthairtheanga nó teanga oifigiúil eile de chuid an Aontais Eorpaigh a bhfuil eolas an-mhaith agat uirthi a chomhfhreagraíonn do Leibhéal C1 mar a shainítear i gComhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFR) http://europass.cedefop.europa.eu/en/resources/european-language-levels-cefr*
*5 Eolas ar theanga oifigiúil eile AE a chomhfhreagraíonn do leibhéal B2 ar a laghad mar a shainítear i gComhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFR)*
*6 Féach Airteagal 52 (a) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh maidir le Gníomhairí Sealadacha, rud is infheidhme maidir le Gníomhairí ar Conradh mar a leagtar amach in Airteagal 119 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile*

**Scileanna boga:**

- An cumas na baill foirne a spreagadh, mar aon lena gcuid oibre agus a gcuid freagrachtaí a eagrú, a chomhordú, agus a bhainistiú;
- An cumas treoshuíomh custaiméirí agus seirbhíse den scoth a sheasamh;
- An cumas cur chuige dírithe ar réiteach agus modh oibre réamhghníomhach a úsáid;
- An cumas oibriú i gcomhar le chéile agus caidrimh oibre láidre a thógáil i dtimpeallacht éagsúil agus ilchultúrtha;
- An cumas aird a thabhairt ar mhionsonraí agus ar dhearcadh ardchaighdeáin;
- Ardchumas obair a dhéanamh faoi bhrú laistigh de spriocanna ama dochta;
- An cumas mothú láidir tionscnaimh, freagrachta agus tiomantais a chothú.

**Ní mór don iarrthóir an cur síos is beaichte is féidir a dhéanamh ar a c(h)áilíochtaí oideachais/acadúla agus ar a t(h)aithí ghairmiúil san fhoirm iarratais le ERA.**

Cuirfear na hiarrthóirí a mheasfar a bheith ar na hiarrthóirí is oiriúnaí, bunaithe ar na critéir roghnúcháin, faoi agallamh, faoi thástáil scríofa agus faoi thástáil bhreise in Ionad Measúnaithe.

## IV - AGALLAMH, TRIAIL SCRÍOFA AGUS TRIAIL BHREISE (Ionad Measúnaithe)

Iarrthóirí a roghnófar chun freastal ar chéim na trialach, lena n-áirítear agallamh struchtúrtha, tástáil scríofa,agus tástáil bhreise (Ionad Measúnaithe) déanfar iad a mheasúnú agus a scóráil in aghaidh na gcritéar a leanas:

1. ***Don agallamh:***

- Eolas gairmiúil agus spreagadh;

**<u>Sainscileanna gairmiúla:</u>**

- Féach thuas i bpointe III - An Nós Imeachta Roghnúcháin

**<u>Scileanna boga (ní mheastar iad seo ach san agallamh amháin):</u>**

- Féach thuas i bpointe III - An Nós Imeachta Roghnúcháin
- An cumas chun cumarsáid a dhéanamh i mBéarla (mar leibhéal líofa úsáideora-C1);
- Scileanna bainistíochta ar bhonn na “Inniúlachtaí is gá chun iarratas a dhéanamh ar phost Meánbhainistíochta” Féach thuas i bpointe 3 de na critéir Incháilitheachta.

2. ***Don triail scríofa:***

- Eolas agus inniúlachtaí a bhaineann leis an bpost áirithe;
- An cumas scríobh i mBéarla (mar leibhéal líofa úsáideora-C1).

I gcás cainteoirí dúchais Béarla, déanfar tástáil ar do chumas chun cumarsáid a dhéanamh sa dara teanga AE atá agat le linn an agallaimh. Mar gheall gur cuid é sin de na ceanglais ghinearálta a luaitear thuas, eiseofar aon duine ón roghnúchán a mhainneoidh leibhéal sástachta sa dara teanga AE a chruthú.

3. ***Le haghaidh na dtrialacha breise in Ionad Measúnaithe:***

- Inniúlachtaí agus scileanna sainiúla bainistíochta arna measúnú ag Ionad Measúnaithe tiomanta.

Tabharfar cuireadh d’iarrthóirí a n-éireoidh leo san agallamh agus sa tástáil scríofa chuig Ionad Measúnaithe seachtrach ina ndéanfar measúnú ar acmhainneacht bhainistíochta an iarratasóra agus déanfar anailís dhomhain ar scileanna bainistíochta, ar inoiriúnaitheacht agus ar phríomhinniúlachtaí eile.

Is cleachtaí aonair agus/nó grúpa a bheidh i gceist, mar aon le hagallaimh dhomhain a bheidh dírithe ar scileanna bainistíochta.

Maidir le hiarrthóirí atá tar éis tabhairt faoi mheasúnú den chineál sin taobh istigh dhá bhliain roimh an dáta deiridh le hiarratais a bheith istigh, is féidir leo a iarraidh go gcuirfear san áireamh toradh an mheasúnaithe roimhe.

# Glao ar Iarratais ar phost Meánbhainistíochta mar Cheannasaí Airgeadais agus Soláthair Aonaid san Aonad Airgeadais agus Soláthair

## *Gníomhaire Sealadach 2(f) Riarthóir (AD9) - d'fhonn liosta ionadaithe a bhunú - ERA/AD/2020/002*

| | |
|---|---|
| *Dáta foilsithe:* an 27/07/2020 | *Spriocdháta le haghaidh iarratas:* an 07/09/2020 (23.59 ALE, am áitiúil Valenciennes) |
| *Cineál conartha:* Gníomhaire Sealadach2(f)<br>*Feidhmghrúpa agus grád:* AD9 | *Áit fostaíochta:* Valenciennes, France |
| *Fad an chonartha* 4 bliana agus féadfar é a athnuachan go ceann tréimhse chinnte nach faide ná 4 bliana. Má dhéantar é a athnuachan don dara huair, is conradh éiginnte a bheidh i gceist | *Buntuarastal míosúil:* EUR 8 002,30 ag céim 1 le fachtóir ualaithe de 17.7% (ó 01/07/2019) mar aon le liúntais shonracha nuair is infheidhme |
| *Aonad:* Airgeadas agus Soláthar; | |
| *Ní mór iarratais a sheoladh ach amháin trí ríomhphost chuig an mbosca ríomhphoist:* jobs@era.europa.eu | *Liosta ionadaithe bailí go dtí:* 07/09/2022, tréimhse a bhféadfar í a fhadú |

| *AN GHNÍOMHAIREACHT* |
|---|

Is gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh í Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh arna bunú ag Rialachán (AE) 2016/796. Is é an cuspóir atá leis tacú le forbairt Limistéir Eorpaigh Iarnróid Aonair, gan teorainneacha, lena rathaítear leibhéal ard sábháilteachta iarnróid agus idir-inoibritheacht.

**Is é príomh-mhisean na Gníomhaireachta é an córas iarnróid a dhéanamh níos fearr don tsochaí.**

Táimid tiomanta é sin a bhaint amach tríd an méid a leanas a dhéanamh:

- Teastais, údaruithe agus seirbhísí réamhcheadaithe a chur ar fáil don earnáil iarnróid;
- Comhchur chuige a fhorbairt i leith sábháilteachta ar an gCóras Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS);
- Monatóireacht a dhéanamh ar Údaráis Náisiúnta Sábháilteachta (NSAnna) agus ar Chomhlachtaí ar Tugadh Fógra dóibh;
- Cúnamh (e.g. scaipeadh, oiliúint) do bhallstáit, NSAnna agus páirtithe leasmhara;
- Tacaíocht theicniúil a sholáthar don Choimisiún Eorpach; agus
- Rochtain éascaithe do chustaiméirí a chur chun cinn maidir leis an earnáil iarnróid Eorpach.

Is féidir teacht ar níos mó sonraí faoinár ngníomhaíochtaí inár nDoiciméad Clársceidealaithe Aonair.

Tá Ceanncheathrú na Gníomhaireachta in Valenciennes, agus roinnt saoráidí eile in Lille atá dírithe ar imeachtaí áirithe. Is féidir féachaint ar ár misean, ár bhfís agus ár luachanna anseo.

Le tuilleadh faisnéise a fháil, léigh fúinn ar **era.europa.eu.**

*AN tAONAD AIRGEADAIS AGUS SOLÁTHAIR*

Cuireann an tAonad Airgeadais agus Soláthair (AAS) seirbhísí ar fáil don Ghníomhaireacht, d'fhonn tacú lena feidhmiú laethúil maidir le gnéithe a bhaineann le hábhair Airgeadais agus Soláthair.

Áirithíonn an AAS go gcuirtear nósanna imeachta soláthair agus bainistithe airgeadais i bhfeidhm atá iontaofa agus trédhearcach.

Cuireann sé tacaíocht agus saineolas ar fáil chomh maith maidir le comhaid airgeadais, soláthar poiblí agus conarthaí, i gcomhréir le Rialachán Airgeadais AE.

*NÓS IMEACHTA CHUN IARRATAS A DHÉANAMH*

Chun iarratas **bailí** a dhéanamh, ní mór d'iarrthóirí an fhoirm iarratais le ERA atá comhlánaithe go cuí a chur isteach faoin dáta deiridh ar a nglacfar le hiarratais.

**Iarrtar ar iarrthóirí a bhfuil céimeanna/dioplómaí acu nár bronnadh san AE ná sa LEE iad leaganacha scanta de na céimeanna/na dioplómaí arna mbailíochtú san AE nó sa LEE a chur isteach in éineacht leis an bhfoirm iarratais ar ERA.**

**Aon iarrthóir nach gcloíonn leis na treoracha, eisiafar é/í ón bpróiseas roghnúcháin.**

Moltar d'iarrthóirí an t-iarratas a líonadh isteach i mBéarla chun an próiseas roghnúcháin a éascú mar gurb é Béarla teanga cumarsáide na Gníomhaireachta.

Ní mór iarratais a sheoladh trí ríomhphost chuig an mbosca ríomhphoist jobs@era.europa.eu faoi 23.59 Am Lár na hEorpa (am áitiúil in Valenciennes) an **07/09/2020** ar a dhéanaí, **agus uimhir thagartha an ghlao ar iarratais á sonrú go soiléir sa líne ábhair**.

Tabhair do d'aire le do thoil nach mbreithneofar iarratais a gheofar trí fhacs nó tríd an bpost.

Más rud é go n-aimsítear ag céim ar bith den nós imeachta go bhfuil an t-eolas a thug an t-iarrthóir mícheart, féadfar an t-iarrthóir i gceist a dhícháiliú.

Tá cosc iomlán ar iarrthóirí dul i dteagmháil, bíodh sí díreach nó indíreach, maidir leis an roghnúchán seo, le comhaltaí de chuid an Choiste Roghnóireachta, agus tá cosc ar aon duine eile déanamh amhlaidh ar a son. Forchoimeádann an tÚdarás atá Údaraithe chun Conarthaí a Chur i gCrích trí tharmligean (AACC) an ceart chun aon iarrthóir a dhéanann neamhaird den treoir sin a dhícháiliú.

Bunófar liostaí ionadaithe, rudaí a bheidh bailí go ceann dhá bhliain ó dháta deiridh an nóis imeachta roghnúcháin. Is féidir fad a chur le tréimhse bhailíochta na liostaí ionadaithe ar chinneadh ón AACC. D'fhéadfaí na liostaí ionadaithe a úsáid chun earcaíocht a dhéanamh ar phoist eile a bhfuil an feidhmghrúpa agus grád céanna agus an phróifíl chéanna atá sonraithe thuas i gceist.

**Tabhair do d'aire le do thoil go bhféadfadh fadhbanna a bheith ag an gcóras méideanna móra sonraí a phróiseáil mar gheall ar an líon ard iarratas a d'fhéadfaimis a fháil faoin spriocdháta le hiarratais a chur isteach. Moltar d'iarratasóirí, dá bhrí sin, a n-iarratas le ERA a chur isteach tamall maith roimh an spriocdháta.**

**Tábhachtach:** NÍOR cheart doiciméid tacaíochta (e.g. cóipeanna deimhnithe de chéimeanna/dhioplómaí, cruthúnas ar thaithí, etc.) a sheoladh ag an gcéim seo, ach is féidir go n-iarrfar iad ag céim níos déanaí den nós imeachta.

*NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN*

Eagrófar an nós imeachta roghnúcháin mar seo a leanas:

1. Cuirfidh an AACC Coiste Roghnóireachta ar bun, atá ar fáil ar láithreán gréasáin ERA;
2. Déanfaidh an Coiste Roghnóireachta na hiarratais arna gcur isteach a sheiceáil in aghaidh na gcoinníollacha sonracha a leagtar amach sa rannán 'Critéir incháilitheachta' den Ghlao ar Iarratais;
3. Déanfar iarratais ina gcomhlíontar na coinníollacha sin a mheasúnú agus a scóráil ansin in aghaidh na gcritéar roghnúcháin a leagtar amach sa rannán 'Critéir roghnúcháin' den Ghlao ar Iarratais.
4. Tabharfaidh an Coiste Roghnóireachta cuireadh don chéad **10** iarrthóirí is airde scór,(líon a bheidh le cinneadh le linn an chruinnithe tosaigh) ar iarrthóirí iad nach ngnóthaíonn níos lú ná 60% de na pointí iomlána arna ndámhachtain i dtaca leis na critéir roghnúcháin. Tabharfar cuireadh do na hiarrthóirí go léir a n-éireoidh leo scór atá cothrom le scór na **10** iarrthóir a bhfuil na scóir is airde acu;
5. Tabharfar cuireadh d'iarrthóirí gearrliostaithe páirt a ghlacadh sa chéad chéim eile den nós imeachta roghnúcháin, ina mbeidh agallamh, tástáil scríofa agus tástáil bhreise (in ionad measúnaithe);
6. Is i mBéarla a dhéanfar gach agallamh, na trialacha scríofa agus an triail bhreise. Más é Béarla do mháthairtheanga, is í an dara teanga a shonraítear san fhoirm iarratais a scrúdófar;
7. Tá na scóir do na hagallaimh, don tástáil scríofa agus don tástáil bhreise socraithe mar seo a leanas:
   - An scór iomlán don agallamh: **50 pointe** An scór íosta chun pas a ghnóthú: **35 pointe**
   - An scór iomlán don triail scríofa: **30 pointe** An scór íosta chun pas a ghnóthú: **21 pointe**
   - An scór iomlán don tástáil bhreise: **20 pointe** An scór íosta chun pas a ghnóthú: **N/B**

   **Ní mheasúnófar triail scríofa na n-iarrthóirí i gcás nach ngnóthaítear an scór íosta chun pas a ghnóthú san agallamh.**
8. Tabharfar cuireadh do líon táscach de 5 iarrthóir ar a mhéad a fuair an scór íosta chun pas a fháil (70%) san agallamh agus sa triail scríofa, le páirt a ghlacadh in ionad measúnaithe tiomanta;
9. Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin na torthaí ón Ionad Measúnaithe a mheas agus, nuair is gá i gcomhréir le cuid IV thuas, an toradh ó ionad measúnaithe roimhe a mheas;
10. Nuair a bheidh na torthaí ar an agallamh, na tástálacha scríofa agus an Ionad Measúnaithe ar fáil, molfaidh an Coiste Roghnóireachta liosta iarrthóirí oiriúnacha do AACC. Cuirfear na chéad **5** iarrthóirí sin a ghnóthaíonn na pasmharcanna cáilitheacha atá sainithe i bpointe 7 ar an liosta d'iarrthóirí ionadaithe. Áireofar ar an liosta sin gach iarrthóir a ghnóthaíonn scór atá cothrom leis na **5** iarrthóir is airde scór. Cuirfear an liosta ionadaithe le chéile in ord tuillteanais. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire nach ionann áit ar an liosta ionadaithe agus tairiscint fostaíochta;
11. D'fhéadfadh go gceanglófar ar iarrthóirí atá ar an liosta ionadaithe dul faoi agallamh leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin.
12. Roghnófar an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi ón liosta ionadaithe don phost sin, agus is féidir an liosta sin a úsáid freisin do thairiscint ar phost comhchosúil, ag brath ar riachtanais na Gníomhaireachta;
13. Beidh an liosta ionadaithe bailí go dtí an 07/09/2022. Féadfar fad a chur lena thréimhse bailíochta le cinneadh ón AACC;
14. Sula dtairgfear conradh fostaíochta dóibh, éileofar ar iarrthóirí ceaptha gach doiciméad ábhartha lena gcruthaítear cúlra oideachais agus taithí ghairmiúil a chur isteach;
15. Sula gceapfar gníomhaire sealadach, scrúdóidh an AACC an bhfuil nó nach bhfuil ag an iarrthóir aon leas pearsanta a chuirfeadh isteach ar a neamhspleáchas nó aon choinbhleacht leasa eile. Ní mór don iarrthóir aon choinbhleacht leasa atá ann nó a d'fhéadfadh teacht chun cinn ar chur in iúl don AACC trí fhoirm ar leith a úsáid. Déanfaidh an AACC aon bheart cuí, más gá;

16. Cuireann an Ghníomhaireacht rialacha an-dochta i bhfeidhm maidir le coinbhleacht leasa. Tá rialacha sonracha maidir le coinbhleacht leasa is infheidhme i ndáil le baill foirne arna nglacadh ag an mBord Bainistíochta de bharr chineál speisialta agus sainiúil na hoibre a dhéanann ERA. Le tuilleadh faisnéise a fháil, féach ar Chinneadh 199 ón mBord Bainistíochta lena nGlactar leis an gCreat i ndáil le Dea-Iompar Riaracháin agus ar an Iarscríbhinn a ghabhann leis. Ní mór d'iarratasóirí a dheimhniú ina bhfoirm iarratais go bhfuil siad toilteanach cloí leis na rialacha seo;
17. Níor cheart d'iarrthóirí dul i dteagmháil leis an gCoiste Roghnóireachta i gcás ar bith, go díreach ná go hindíreach, maidir leis an bpróiseas earcaíochta seo. Coimeádann an AACC an ceart aige féin chun aon iarrthóir a thugann neamhaird ar an treoir sin a dhícháiliú.

| *ACHOIMRE AR NA COINNÍOLLACHA FOSTAÍOCHTA AGUS AR NA SOCHAIR* | |
|---|---|
| 1. Tá tuarastal díolmhaithe ó cháin náisiúnta. Ina ionad sin, asbhainfear cáin chun leasa an Aontais Eorpaigh ag an bhfoinse;<br><br>2. Teidlíocht saoire bliantúla a chuimsíonn dhá lá in aghaidh na míosa féilire, chomh maith le laethanta sa bhreis ag brath ar aois agus ar ghrád an bhaill foirne, agus 2 ½ lá do bhaill foirne easaoránacha, anuas ar 16 lá saoire ERA ar an meán in aghaidh na bliana;<br><br>3. Oiliúint ghinearálta agus theicniúil is infheidhme agus deiseanna forbartha gairmiúla;<br><br>4. Scéim Pinsin an Aontais Eorpaigh (tar éis 10 mbliana seirbhíse);<br><br>5. Cosaint árachais ó thimpiste agus galar ceirde faoi Chomhscéim AE, liúntas dífhostaíochta agus easláine agus árachas taistil; | **Ag brath ar chúinsí pearsanta an duine agus ar an tír thionscnaimh, d'fhéadfadh baill foirne bheith i dteideal na nithe seo freisin:**<br><br>6. Liúntas easaoránachta nó liúntas cónaithe eachtraigh;<br><br>7. Liúntas teaghlaigh;<br><br>8. Liúntas linbh chleithiúnaigh;<br><br>9. Liúntas oideachais;<br><br>10. Liúntas suiteála agus aisíocaíocht costas aistrithe;<br><br>11. Liúntas cothaithe laethúil ar feadh tréimhse shealadach thosaigh;<br><br>12. Sochair eile (aisíocaíocht costas taistil ar an bpost a thosú, srl.);<br><br>13. Liúntas bainistíochta.<br><br>Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi na coinníollacha faoi seach, féach **Iarscríbhinn VII leis na Rialacháin Foirne**: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?qid=1591974629964&uri=CELEX%3A01962R0031-20200101 |

| *GEALLTANAIS* | |
|---|---|
| **Gealltanas maidir le comhdheiseanna a chur chun cinn:**<br>Is fostóir comhdheiseanna í an Ghníomhaireacht agus molann sí go láidir do gach iarrthóir a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin iarratas a dhéanamh, gan aon idirdhealú a dhéanamh bunaithe ar fhoras amhail náisiúntacht, aois, cine, prionsabail pholaitiúla, fealsúnachta nó chreidimh, inscne nó | **Nós imeachta achomhairc:**<br>Féadfaidh iarrthóirí a ghlac páirt i nós imeachta roghnúcháin aiseolas ar a bhfeidhmíocht sa triail scríofa, i dtrialacha breise agus in agallaimh a iarraidh. Aon iarrthóir a mheasann gur cuireadh an nós imeachta chun feidhme go mícheart agus/nó go ndearnadh earráid ag céim ar bith den nós imeachta measúnaithe, féadfaidh sé/sí a iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar a (h)iarratas, agus |

| | |
|---|---|
| gnéaschlaonadh agus beag beann ar mhíchumas, ar stádas pósta agus ar aon chúinsí teaghlaigh eile. | féadfaidh sé/sí gearán nó achomharc a dhéanamh. Chuige sin, féadfar iarraidh ar athbhreithniú a chur isteach laistigh de 20 lá féilire ó seoladh an ríomhphost inar cuireadh in iúl dó/di gur diúltaíodh dá (h)iarratas. Ba cheart don iarratas ar athbhreithniú an nós imeachta roghnúcháin lena mbaineann a shonrú agus ba cheart an critéar a bhfuiltear ag iarraidh athbhreithniú a dhéanamh ina leith a lua go soiléir agus ar an bhfáth a bhfuil an t-athbhreithniú á iarraidh.<br>Ba cheart an t-iarratas sin a sheoladh chuig bosca ríomhphoist tiomanta na Gníomhaireachta (jobs@era.europa.eu).<br>Cuirfear cinneadh ón gCoiste Roghnóireachta ar an ábhar in iúl don iarrthóir laistigh de 15 lá féilire tar éis a (h)iarratas a fháil. |

| *NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC AGUS GEARÁIN* | |
|---|---|
| Má mheasann iarrthóir gur imir cinneadh ar leith drochthionchar air/uirthi, féadfaidh sé/sí gearán riaracháin a dhéanamh de réir Airteagal 90 (2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh ag an seoladh seo a leanas:<br><br>Stiúrthóir Feidhmiúcháin<br>Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh<br>120, rue Marc Lefrancq<br>FR - 59300 Valenciennes<br><br>Ní mór an gearán a chur isteach laistigh de 3 mhí ón uair a cuireadh an gníomh a d'imir drochthionchar air/uirthi in iúl don iarrthóir.<br><br>Má dhiúltaítear don ghearán, féadfaidh an t-iarrthóir cás a thabhairt faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus faoi Airteagal 91 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh faoi bhráid:<br><br>Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh<br>http://curia.europa.eu/<br><br>Tabhair do d'aire le do thoil nach bhfuil sé de chumhacht ag an AACC aon chinneadh a dhéanann Coiste Roghnóireachta a leasú. Is é tuairim sheasta na Cúirte nach bhfuil rogha leathan an Choiste Roghnóireachta faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt, | Is féidir freisin gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach de bhun Airteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus de réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa Chinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman, arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, L 113 an 4 Bealtaine 1994:<br><br>An tOmbudsman Eorpach<br>1, Avenue du Président Robert Schuman – CS 30403<br>FR – 67001 Strasbourg Cedex<br>http://www.ombudsman.europa.eu<br><br>Tabhair do d'aire le do thoil nach bhfuil aon éifeacht fionraíochta ag gearáin a dhéantar leis an Ombudsman ar an tréimhse a leagtar síos in Airteagal 90(2) agus in Airteagal 91 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh maidir le gearán a dhéanamh faoi seach le Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh agus le hachomharc a dhéanamh os a chomhair faoi seach de réir Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh |

| | |
|---|---|
| ach amháin sa chás go ndéantar sárú ar na rialacha lena rialaítear nósanna imeachta na gCoistí Roghnóireachta. | |

| *COSAINT SONRAÍ* | |
|---|---|
| Is é an cuspóir a bhaineann leis na sonraí a chuireann tú isteach a phróiseáil ná d'iarratas a bhainistiú d'fhonn réamhroghnú agus fostú féideartha a dhéanamh ag an nGníomhaireacht.<br><br>Déanfar an fhaisnéis phearsanta a iarraimid uait a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag Institiúidí, Comhlachtaí, Oifigí agus Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh agus ar shaorghluaiseacht sonraí den chineál sin lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE. | Le tuilleadh faisnéise a fháil, féach ar:<br><br>Ráiteas Príobháideachais - Roghnú agus fostú Fhoireann na Gníomhaireachta (TA, CA, SNE agus oiliúnaithe) |